

# Cumann Camógaíochta

## Chois Fharraige

**D**'fhag trí bhus ó Pháirc na mBreathnaigh ag a 8.00am ar an 12ú Meán Fómhair agus muid ag tabhairt ár n-aghaidhe ar Bhaile Átha Chliath do Chluiche Ceannais Camógaíochta na hÉireann. Bhí 45 dhuine fásta agus 80 cailíní óga sa slua! Chuile dhuine ar bís ag súil leis an lá mór. Bhí beirt d'fhoireann na Gaillimhe a raibh súil againn iad a fheiceáil ag imirt an lá sin; Aislinn Ní Chonghaile ón gCaisleán Gearr agus Veronica Curtin as Cinn Mhara. Iníon le John Connolly, an t-íománaí cailiúil, í Aislinn agus tá baint mhór ag a muintir le Conamara.

Tá dlúthbhaint ag Veronica Curtin leis an gClub seo againne le blianta. Tugann sí cuairt orainn go minic agus roinneann sí a cuid scileanna go flaithiúil leis na cailíní seo againne. Bhí muid ar fad díomuach nár éirigh le mná na Gaillimhe an Corn a thabhairt leo ach beidh arís ann le cúnamh Dé. D'imir Aislinn agus Veronica an-mhaith ar an lá ach faraor níorbh leor é!

Ach bhí ábhar cheiliúrtha ag mná Chois Fharraige mar go raibh an fhoireann Faoi-12 seo againne ag imirt ag leath-am ar an "Talamh Naofa". Bhí CC Chois Fharraige ag imirt in aghaidh CC Chill Rois (Loch Gorman) agus bhuaigh siad le dhá chúl ghleoithe ó Shorcha Ní Fhrighil (Na Forbacha) Bhí muid ar fad fíorbhródúil as leibhéal na scileanna a thaispeáin siad ar an lá agus le cúnamh De ní bheidh sé i bhfad go mbeidh mná as Cois Fharraige ag imirt arís i bPáirc an Chrócaigh ar an lá mór!

Bhí sé d'onóir acu freisin siúl sa pharáid mhór i ndiaidh an "Bhanna Bhuachaillí Ard Aidhin". Do-chreidthe!

Thall, Cailíní Chois Fharraige ag máirseáil ar Pháirc an Chrócaigh, ag caitheamh geansaithe na Gaillimhe agus na mílte ag breathnú orthu! Seo iad na cailíní a bhí ag imirt i bPáirc an Chrócaigh: Sorcha Ní Fhrighil, Sorcha Ní Bhraonáin, Méabh Nic Dhonncha, Caoimhe Ní Choisdealbha, Laura Ní hEimhrín, Sinéad Ní Mhaoláin, Maeve Ní Churraoin, Caoimhe Ní Chonghaile, Niamh Ní Chuinn agus Aoife Nic Giolla Choinnigh. Muid ar fad an-bhródúil astu. Gura fada buan iad!



An lá mór i bPáirc an Chrócaigh

# Foireann Camógaíochta Faoi-11 Chois Fharraige

*Aodhán agus Bridie Mhic Chormaic*



## *Seaimpíní an Chontae 2010*

**B**huaigh Chumann Camógaíochta Chois Fharraige Sraith na Cathrach Faoi-11 den chéad uair riamh nuair a bhuail siad Órán Mór sa chluiche ceannais ar an Domhnach 10ú Deireadh Fómhair 2010. Bhuail an fhoireann éirimiúil seo foirne móra le rá ó oirthear na Gaillimhe, ar nós Órán Mór, An Caisleán Gearr, Turlach Mór agus An Carn Mór, ar an mbealach chuig an gcluiche ceannais, áit ar bhuail siad Órán Mór den dara huair. Sa chluiche leathcheannais, rinne na cailíní gaisce foireann láidir ón gCarn Mór a bhuailleadh tar éis athimeartha agus am breise. Is cinnte go n-imreoidh roinnt de na himreoirí seo d'fhoireann an chontae má leanann siad ar aghaidh leis an gcamógaíocht. Tá Cumann Camógaíochta Chois Fharraige thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach acu go dtí seo.

### *An Fhoireann*

#### *Ar chúil, ó chlé:*

Máirtín Ó Ceallacháin, Majella Nic Dhonncha, Ciara Nic an Ultaigh, Rachel Nic an Ultaigh, Sadhb Ní Chonghaile, Tiffany Ní Choistealbha (Captaen), Mary Ní Fheinneadha, Emer Ní Thuairisg, Laoise Breathnach, Maela Ní Choistealbha, Fionnuala Groonell, Aodhán Mac Cormaic.

#### *Chun tosaigh, ó chlé:*

Caitríona Uí Fhrighil, Blanca Ní Dhonnabháin, Becky Ní Éallaithe, Róisín Ní Cheallacháin, Aoife Nic Chormaic, Emer Nic Dhonncha, Sinéad Ní Chonchubhair, Máire Ní Fhrighil, Éabha Ní Chonláin, Liadh Robertson, Sadhb Howlin, Bridie Mhic Chormaic.